



FREAGRAI ON gCOIMISIUN EORPACH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó
CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Buiséad an Aontais a chosaint: Is gá úsáid níos
fearr a bhaint as dúliostú

Clár na nÁbhar

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL	3
a) Réamhrá ginearálta.....	3
b) Seasamh an Choimisiúin maidir le príomhbharúlacha agus príomh-mholtaí CIE.....	4
c) Na forbairtí ábhartha is déanaí agus na chéad chéimeanna eile	4
II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE	5
1. Raon feidhme EDES a leathnú	5
D'fhonn éifeachtacht EDES a fheabhsú, tá an Coimisiún ag obair ar thogra spriocdhírthe, i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le déanamh feasta ar an Rialachán Airgeadais, chun raon feidhme EDES a leathnú.....	5
2 EDES a dhéanamh níos éifeachtúla.....	5
3. Úsáid EDES a chur chun cinn mar uirlis le haghaidh cuntasachta	6
4. Ballstáit, eisiamh agus uirlisí mianadóireachta sonraí.....	6
III. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR CHONCLÚIDÍ AGUS AR MHOLTAÍ CIE	8
1. Moladh 1 - An raon eisiamh a leathnú.....	8
Glacann an Coimisiún leis an moladh sin.....	8
2. Moladh 2 - An córas luathbhraite agus eisiamh a neartú.....	8
3. Moladh 3 - Feabhas a chur ar an bhfaireachán ar luathbhrath agus eisiamh faoi bhainistíocht indíreach.....	9
4. Moladh 4 Luathbhrath agus eisiamh a leathnú chuig an mbainistíocht chomhroinnte	10
5. Moladh 5 - Úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí sonraí agus digiteacha atá ann cheana.....	10

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den Rialachán Airgeadais, agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL

a) Réamhrá ginearálta

Tá sé de chuspóir ag an gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES), a tugadh isteach in 2016, leasanna airgeadais an Aontais a threisiú agus a chosaint.

Tá an córas sin, a bhfuil feidhm aige maidir le bainistíocht dhíreach agus indíreach, tar éis feabhsuithe a thabhairt isteach i ndáil le smachtbhannaí riaracháin a chur i bhfeidhm, go háirithe i ndáil le neamhspleáchas measúnuithe ar chásanna eisiaimh, cearta bunúsacha a urramú, agus trédhearcacht i dtaca leis na hoibreoírí eacnamaíocha.

Éilíonn EDES idirghníomhú láidir agus torthúil a bheith ann idir an t-oifigeach údarúcháin freagrach agus Painéal EDES. Ar lámh amháin, tá sé d'oibleagáid ar an oifigeach údarúcháin freagrach an nós imeachta riaracháin a sheoladh, nuair a thagann sí chun bheith ar an eolas maidir le cás eisiaimh. Is é an chúis atá leis sin go bhfuil an t-oifigeach údarúcháin freagrach ar an eolas faoi na conarthaí agus deontais a síníodh, faoin bhforléargas ar na nósanna imeachta ábhartha atá ar siúl, agus is aige atá an ceart chun bearta láithreacha conarthacha a ghlacadh chun leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú. Ar an lámh eile, leis an gcóras táthar in ann gníomhú in aghaidh oibreoir eacnamaíoch neamhiontaofa in éagmais breithiúnas críochnaitheach náisiúnta nó cinneadh críochnaitheach riaracháin, ar bhonn moladh a dhéanann Painéal láraithe idirinstiúideach a dhéanann réamh-aicmiú sa dlí ar fíorais agus torthaí an cháis.

Déanann buanchathaoirleach neamhspleách ardleibhéal cathaoirleacht ar Phainéal EDES, agus ón tús bhí sé ina shás tiomána cumhachtach comhchuibhithe murab ionann agus na rioscaí a bhaineann le léirmhínte éagsúla a bheith ag oifigigh údarúcháin fhreagracha éagsúla.

Ghlac Painéal EDES le 57 moladh¹ lena n-áirítear cinn i leith an mhí-iompair is tromchúisí, agus rinne an t-oifigeach údarúcháin freagrach cinntí eisiaimh comhfhreagracha mar thoradh ar an gcuid is mó díobh.

Dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh bailíocht na nósanna imeachta de chuid EDES in dhá chás a tharla le déanaí² i gcás inar thacaigh an Chúirt go hiomlán leis an gcóras agus lena gnéithe, lena n-áirítear an ról a bhíonn ag an oifigeach údarúcháin freagrach agus údarás an Phainéil.

Ar deireadh, ag tarraingt ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón uair a cruthaíodh an córas, shainaithin an Coimisiún roinnt laigí sa chóras agus thosaigh sé ar bhearta simplithe riaracháin agus gníomhaíochtaí ardaithe feasachta a dhéanamh chun feabhas a chur ar a chuid éifeachtachta. Beidh modhnuithe reachtacha ag teastáil, áfach, mar thoradh ar roinnt de na feabhsúcháin. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún togra a chur síos, a meastar go nglacfar leis le linn na chéad ráithe den bhliain 2022, a chumhdóidh roinnt de na príomhbharúlacha a d'ardaigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus a chuirfidh feabhas sa bhreis ar an gcóras foriomlán.

Sa chomhthéacs sin, fáiltíonn an Coimisiún roimh thuarascáil CIE a thacaíonn le gníomhaíocht an Choimisiúin maidir le feabhas sa bhreis a chur ar an gcóras (féach a thuilleadh anseo thíos).

¹ As measc os coinn 100 cás a tarchuireadh

² Cásanna T-672/19, *Indico* (EU:T:2022:64) agus T-652/19, *Elevation* (EU:T:2022:63).

b) Seasamh an Choimisiúin maidir le príomhbharúlacha agus príomh-mholtaí CIE

Aithníonn CIE go bhfuil réimse leathan de chásanna eisiaimh agus nósanna imeachta urrúnta maidir le cinnteoireacht in EDES.

Is beag eisiaimh atá taifeadta ag seirbhísí an Choimisiúin sa chóras ach ní mór breathnú ar an bhfíoras sin i gcomhthéacs an ghá atá ann cothromaíocht shlán a áirithiú idir cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus an riachtanas go n-áirithítear an ceart cosanta agus cearta eile atá cumhdaithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha, trína cheangal go bhfaightear an leibhéal fianaise is gá, fianaise a bhfuil bunús léi (fíorais dheimhnithe) arna seiceáil trí fheidhmiú an chirt chun éisteacht a fháil. Tá an méid sin i gcomhréir le próis chuí agus leis an smacht reachta, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh cinneadh eisiaimh tionchar suntasach eacnamaíoch agus fiú sóisialta a bheith aige i leith na n-eintiteas a bheidh faoi réir cinntí eisiaimh ar deireadh. Thairis sin, maidir leis an bhfreagracht ó thaobh cásanna a tharchur chuig Painéal EDES, titeann sí ar an oifigeach údarúcháin freagrach a dhéanann réamh-mheasúnú ar an gcás agus aird chuí á tabhairt aige ar imthosca sonracha an cháis (*e.g.* an gá leis an leanúnachas seirbhíse a áirithiú, measúnú ar na bearta leasúcháin, an chomhréireacht agus an tionchar airgeadais).

Aithníonn an Coimisiún nach mór iarrachtaí a dhéanamh chun rochtain chomhdhlúite a sholáthar don oifigeach údarúcháin freagrach ar fhoinsí sonraí chun cuidiú leis cásanna eisiaimh a thabhairt chun solais ag féachaint do na bacainní dlíthiúla agus teicniúla.

Aontaíonn an Coimisiún freisin gur cheart EDES a threisiú a thuilleadh agus go dtabharfaidh sé aghaidh ar na torthaí ó CIE, go háirithe maidir lena raon feidhme a leathnú.

Soláthraítear ár bhfreagraí ar phríomh-bharúlacha CIE faoi ranna II agus III. Glacann an Coimisiún le moltaí 1, 2(1), 2(2), 2(4), 2(5), 3, 4, agus 5 agus glacann sé go páirteach le moladh 2(3).

c) Na forbairtí ábhartha is déanaí agus na chéad chéimeanna eile

Tar éis an chéad téarma oifige, chuaigh cathaoirleach nua agus leaschathaoirleach nua, mar atá, Isabel Rofes agus Igor Ludborz faoi seach, i mbun dualgas ar Phainéal EDES ó Shamhain 2021. Ina theannta sin, leasaíodh rialacha nós imeachta an Phainéil³ chun go bhféadfadh ionadaí ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bheith rannpháirteach in imeachtaí an Phainéil (stádas breathnóra) nuair a bhíonn siad bunaithe ar fhaisnéis a tharchuir OIPE.

A mhéid a bhaineann leis an leathnú chuig bainistíocht chomhroinnte, tá bearta á ndéanamh ag an gCoimisiún chun a thuilleadh feabhais a chur ar an gcosaint a dhéantar ar an sciar mór sin den bhuiséad agus urraim á tabhairt do tharmligean na gcúraimí a bhaineann le cur chun feidhme buiséid chuig Ballstáit de bhun Airteagal 63(1) den Rialachán Airgeadais. Chun EDES a leathnú ar bhealach spriocdhírthe agus comhréireach chuig an mbainistíocht chomhroinnte agus idirdhealú na gcúraimí idir an Coimisiún agus Ballstáit á chur san áireamh, ní mór athruithe reachtacha a dhéanamh nach

³ Cinneadh (AE) 2018/1220 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2018 maidir le rialacha nós imeachta an phainéil dá dtagraítear in Airteagal 143 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 226, 7.9.2018, lch. 7) arna leasú le Cinneadh (AE) 2021/1081 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 (IO L 234, 2.7.2021, lch. 99).

mór don Choimisiún a mholadh mar chuid den athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais sa chéad ráithe den bhliain 2022.

II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE

1. Raon feidhme EDES a leathnú

D'fhonn éifeachtacht EDES a fheabhsú⁴, tá an Coimisiún ag obair ar thogra spriocdhírthe, i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le déanamh feasta ar an Rialachán Airgeadais, chun raon feidhme EDES a leathnú.

Faoi na rialacha nua atá beartaithe, beifear in ann spriocdhíriú ar thrí chatagóir nua pearsan, nuair a thagann siad faoi chás amháin eisiaimh nó níos mó: (i) úinéirí tairbhiúla, (ii) eintitis chleamhnaithe, agus (iii) daoine nádúrtha ag a bhfuil cumhacht rialaithe, bhainistithe nó ionadaíochta. Trí na catagóirí nua pearsan sin a chuimsiú faoi raon feidhme EDES beifear in ann feabhas a chur ar éifeachtacht fhoriomlán an chórais trí dhul in ngleic le '*alter ego*' na n-oibreoirí eacnamaíoch atá go díreach faoi réir eisiaimh, agus a d'fhéadfadh, ina éagmais, leanúint orthu i mbun tairisceana le haghaidh conarthaí poiblí an Aontais nó tairbhe a bhaint ar shlí eile as cistí an Aontais.

Ina theannta sin, cruthófar trí fhoras nua eisiaimh a mbeidh raon iomchuí pionós ag gabháil leo: (i) mainneachtain comhoibriú le himscrúduithe, iniúchtaí nó seiceálacha arna ndéanamh ag comhlachtaí forfheidhmiúcháin an Aontais; (ii) buntáiste a bhaint as coinbhleacht leasa; (iii) gríosú chun fuatha agus chun idirdhealú a dhéanamh.

D'fheidhmeodh na hathruithe thuasluaite chun feabhas a chur ar éifeachtacht fhoriomlán EDES. Trína raon feidhme agus rialacha substainteacha a leathnú, bheadh EDES in ann raon níos leithne cásanna eisiaimh a chumhdach agus cosaint níos fearr a thabhairt do leasanna airgeadais an Aontas faoi na modhanna bainistíochta uile.

2 EDES a dhéanamh níos éifeachtúla

Chun éifeachtúlacht EDES a mhéadú⁵, tá an Coimisiún ag moladh freisin go dtabharfar isteach na nithe seo a leanas san athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais atá le déanamh feasta:

- nós imeachta brostaithe le haghaidh cásanna nach foláir déileáil leo mar thosaíocht, gan dochar don cheart chun éisteacht a fháil;
- feabhsúcháin ar na coinníollacha a bhaineann le fógra i dtaobh litreacha agus cinntí sáraíochta a bhaineann le smachtbhannaí ar oibreoirí eacnamaíocha neamh-iontaofa a cheileann eolas d'aon ghnó faoin áit a bhfuil siad chun teacht timpeall ar iarmhairtí a gcuid mí-iompair;

⁴ Féach an roinn ar 'Bhainistíocht dhíreach', míreanna 21-29 den tuarascáil speisialta.

⁵ Féach an roinn ar 'Bhainistíocht dhíreach', míreanna 30-34 den tuarascáil speisialta.

- oibleagáid ar an duine nó eintiteas atá i gcás eisiaimh bunús a thabhairt maidir le leordhóthanacht na mbeart leasúcháin a rinneadh trí bhíthin iniúchadh seachtrach nó cinnidh de chuid údaráis inniúil náisiúnta nó Eorpaigh.

Mar thoradh ar na feabhsúcháin sin ba cheart go ndéanfar cinntí eisiaimh níos tapúla agus go mbeadh laghdú ar an ualach riaracháin.

3. Úsáid EDES a chur chun cinn mar uirlis le haghaidh cuntasachta

Tá roinnt gníomhaíochtaí á moladh chun úsáid EDES a chur chun cinn⁶. Áirítear orthu siúd comhar a neartú leis na seirbhísí ábhartha, amhail an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus - níos déanaí ná sin, OIPE, trí modhanna oibre agus nósanna imeachta a leagan síos, ach freisin cúnamh a thabhairt d'oifigigh údarúcháin fhreagracha maidir le cásanna a thabhairt os comhair Phainéal EDES.

Sa chomhthéacs sin, tá an comhar idir Ardstiúrthóireacht an Bhuiséid (AS BUDG), mar úinéir an chórais, agus OLAF, tar éis dul ó neart go neart, mar a dhearbhaíonn an comhar leanúnach ó thaobh malartuithe, forbairt treoirínite, imeachtaí *ad hoc* oiliúna chun tuarascálacha OLAF a chur in oiriúint níos fearr do nós imeachta EDES. Tá cur chuige den tsamhail chéanna á glacadh cheana maidir le comhar a dhéanamh le OIPE.

Thairis sin, ó seoladh EDES, dhírigh seirbhísí an Choimisiúin ar oiliúint a eagrú laistigh d'institiúidí, de chomhlachtaí agus de ghníomhaireachtaí an Aontais chun feasacht i leith nósanna imeachta EDES a ardú agus a chothabháil.

Leagadh síos teimpléid, treoirínite agus nósanna imeachta chun éascaíocht a dhéanamh ar obair na n-oifigeach údarúcháin freagrach agus ar tharchur na faisnéise ábhartha maidir le cásanna eisiaimh.

Tá an Coimisiún tar éis feabhas a chur freisin ar an bhformhaoirseacht chorparáideach, agus tá an faireachán a fheidhmítear ar an obair leantach i leith mholtaí agus aisghabhálacha OLAF⁷ ina chéim thábhachtach maidir le feabhas a chur ar thionscnamh nósanna imeachta eisiaimh an Aontais.

San am atá le teacht, féachfaidh an Coimisiún a thuilleadh le feabhas a chur ar a gcuid gníomhaíochtaí maidir le hoiliúint agus treoraíocht, lena n-áirítear i leith údaráis na mBallstát agus comhpháirtithe cur chun feidhme⁸.

4. Ballstáit, eisiaimh agus uirlisí mianadóireachta sonraí

I dtaca le EDES a leathnú chuig Ballstáit⁹ tugtar faoi deara gurb é EDES an t-aon chóras eisiaimh atá ag oibriú faoi láthair ar leibhéal an Aontais. Cé go gceanglaítear ar Bhallstáit córas rialála inmheánach

⁶ Féach an roinn ar 'Bhainistíocht dhíreach', míreanna 36-64 den tuarascáil speisialta.

⁷ Agus na sprioc-amanna dá dtagraítear i Rialachán OLAF á gcur san áireamh ó thaobh obair leantach ar mholtaí OLAF atá le déanamh ag Ballstáit agus Institiúidí.

⁸ Féach an roinn ar 'Bhainistíocht dhíreach', míreanna 36-64 den tuarascáil speisialta.

⁹ Féach an roinn ar 'Bhainistíocht dhíreach', míreanna 36-64 den tuarascáil speisialta.

éifeachtach a chur ar bun chun neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, ní cheanglaítear ar Bhallstáit le dlí an Aontais córais eisiaimh *per se* a bhunú.

Molfaidh an Coimisiún aghaidh a thabhairt ar an ngá atá ann le cosaint fheabhsaithe ar leasanna airgeadais an Aontais ar leibhéal an Aontais trí leathnú spriocdhírthe agus comhréireach a chur ar EDES chuig réimse na bainistíochta chomhroinnte.

Tabharfaidh togra den sórt sin lánurraim do phríomhfhreagracht na mBallstát maidir le smachtbhannaí a ghearradh, agus imscrúdú a dhéanamh, i leith cásanna den sórt sin ar an leibhéal náisiúnta faoi bhainistíocht chomhroinnte. Mar sin féin, bheadh eisiaimh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh indéanta agus riachtanach:

- I gcás ina dtugann an Ballstát fógra don Choimisiún tríd an gCóras Bainistithe Neamhrialtachtaí (IMS) faoi chás eisiaimh lena mbaineann na cineálacha mí-iompair is tromchúisí (caolais, éilliú, etc.) arna suíomh i mbreithiúnas críochnaitheach nó i gcinneadh críochnaitheach riaracháin. Ghníomhódh an Coimisiún ansin ar bhonn faisnéis den sórt sin.
- I gcás inarb ann d'fhianaise ar chásanna tromchúiseacha i dtuarascáil ábhartha an Aontais (i.e. Tuarascáil OLAF, iniúchadh an Choimisiúin nó tuarascáil CIE), agus inar gá, dá bhrí sin, buiséad an Aontais a chosaint ag feitheamh ar, nó gan fáil ar, chinneadh nó breithiúnas críochnaitheach a d'fhéadfadh fónamh mar bhunús le haghaidh cinneadh eisiaimh (nuair is ann do chinneadh nó breithiúnas críochnaitheach den sórt sin, ní mór don Phainéal a mholadh a ailíniú leis láithreach bonn).

Thairis sin, ní bheidh aon oibleagáid ar Bhallstáit Bunachar Sonraí EDES a cheadú agus na cinntí eisiaimh istigh ann a fhorfheidhmiú. Ciallaíonn sé sin gur cheart go mbeidís in ann cistí a bhronnadh faoi bhainistíocht dhíreach ar dhuine nó eintiteas a liostaítear in EDES. Tugann an Coimisiún chun cuimhne tograí reachtacha a bhí ar aon dul leis sin maidir le hoibleagáid a chur ar Bhallstáit eisiaimh EDES a chur san áireamh agus buiséad an Aontais á chur chun feidhme i mbainistíocht chomhroinnte.

Fáiltíonn an Coimisiún roimh thacaíocht CIE agus roimh thacaíocht Pharlaimint na hEorpa freisin ó thaobh EDES a leathnú ar an gcaoi sin chuig bainistíocht chomhroinnte.

Ar deireadh, tugann an Coimisiún chun cuimhne gur mhol sé tograí chun feabhas a chur ar cháilíocht agus idiroibrítheacht sonraí arna mbailiú ag Ballstáit maidir le faighteoirí chistiú an Aontais i gcás ina gcuirtear chun feidhme an buiséad faoi bhainistíocht chomhroinnte agus faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, lena n-áirítear le húsáid éigeantach uirlise aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca. Leis an reachtaíocht chomhaontaithe, áfach, ní dhéantar foráil ach maidir le úsáid dheonach na huirlise aonair mianadóireachta sonraí agus scórála riosca.

Rinne an Coimisiún an uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca dá ngairtear 'Arachne' a eisiúint agus a fhorbairt a thuilleadh. Tá *Arachne* ar an gcéad bhunachar sonraí faighteoirí agus tionscadal. Leanfaidh an Coimisiún air i mbun an uirlis a nuachóiriú, ag úsáid na bhforbairtí teicneolaíochta is déanaí (lena n-áirítear an intleacht shaorga), agus i mbun úsáid ARACHNE ag na Ballstáit, maille lena chuid feidhmiúlachtaí a chur chun cinn go láidir¹⁰.

I gcomhthéacs an athbhreithnithe spriocdhírthe ar an Rialachán Airgeadais atá ar na bacáin, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall chun a thuilleadh feabhais a chur ar chosaint bhuiséad an Aontais

¹⁰ Féach an roinn ar 'Bhainistíocht dhíreach', míreanna 73-81 agus 82-87 den tuarascáil speisialta.

agus tá a mharana á dhéanamh aige maidir lena mholadh go n-úsáidfear an uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca, trasna na modhanna uile lena gcuirtear chun feidhme buiséad an Aontais.

III. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR CHONCLÚIDÍ AGUS AR MHOLTAÍ CIE

1. Moladh 1 - An raon eisiaimh a leathnú

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin.

Tá an Coimisiún ag moladh go leathnófaí, sa Rialachán Airgeadais, raon feidhme EDES. Sa chomhthéacs sin, bheifí in ann díriú ar thrí ábhar nua : úinéirí tairbhiúla, eintitis chleamhnaithe, agus daoine nádúrtha a bhí bainteach leis an mí-iompar. Beidh an fhéidearthacht go n-eisiatar iad faoi réir measúnaithe aonair, i gcomhréir leis an moladh ó Pharlaimint na hEorpa, chun, mar shampla, an difríocht a léiriú idir baint dhíreach agus baint indíreach le cásanna eisiaimh, chun nach gclárófaí in EDES go héagórach eintitis nár fheidhmigh tionchar éifeachtach ar an mbaint a bhí leis an gcás eisiaimh, i gcomhréir le prionsabal na freagrachta pearsanta.

2. Moladh 2 - An córas luathbhraite agus eisiaimh a neartú

Glacann an Coimisiún go páirteach leis an moladh sin.

I dtaca leis na fo-mholtaí sonracha, tugann an Coimisiún an méid seo a leanas dá aire:

1. Glacann an Coimisiún le moladh 2(1).

Tá an Coimisiún ag forbairt córas bainistithe cásanna inmheánach a bheidh in ann forbhreathnú a sholáthar ar an gcóireáil a dhéantar ar chásanna EDES leanúnacha agus dúnta. Forbrófar an córas agus aird chuí á tabhairt ar cheanglais rúndachta agus tosca príobháideachais.

2. Glacann an Coimisiún le moladh 2(2).

Rinne an Coimisiún, faoi scáth bhord bainistíochta corparáideach an Choimisiúin, formhaoirseacht chorparáideach a thionscnamh maidir le hoibriú éifeachtach EDES, go háirithe maidir leis an obair leantach a dhéantar ar thuarascálacha agus moltaí OLAF lena mbaineann an luathbhrath nó an t-eisiaimh agus an obair leantach maidir le moltaí an Phainéil. Ba cheart don Choimisiún foráil a dhéanamh freisin maidir le formhaoirseacht corparáideach i ndáil le himscrúduithe leanúnacha OLAF¹¹ agus OIPE - agus urraim á tabhairt go hiomlán do cheanglais fhéideartha rúndachta - agus chomh maith céanna maidir le torthaí deiridh iniúchtaí, cinntí maidir le hiomaíochas, agus fógra comhpháirtithe cur chun feidhme. Ní mór nach ndéanfar difear do na ról a bhíonn ag oifigigh údarúcháin fhreagracha i ndáil leis an bhfreagra ar chásanna eisiaimh a comhchuibhiú.

¹¹ Ba cheart aon tagairt do 'iniúchtaí leanúnacha OLAF' a thuiscint mar thagairt do bhearta réamhchúraim riaracháin chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint mar a thuairiscítear le hAirteagal 7(6) de Rialachán 883/2013 (Rialachán OLAF).

Chomh fada is a bhaineann le foinsí sonraí atá ar fáil a úsáid chun cásanna eisiaimh a shainnithint, fiosróidh an Coimisiún an bhféadfaí maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí oifigigh údarúcháin fhreagraigh nuair atá faisnéis faoi chásanna eisiaimh féideartha ar taifead sa bhunachar sonraí ábhartha. I gcás sonraí IMS, cuirtear na taifid ar fáil nuair a aimsíonn an t-oifigeach údarúcháin freagrach amach sa chóras agus nuair a iarrann sé tuilleadh faisnéise.

3. Glacann an Coimisiún go páirteach le moladh 2(3).

Ní bhraitheann an Coimisiún go huile agus go hiomlán ar dhearbhuithé ar onóir. Anuas ar fhíorú dearbhuithe den sórt sin, déanann an Coimisiún foráil maidir le roinnt coimircí *ex-post*. Go háirithe, ceanglaíonn an Coimisiún ar an oifigeach údarúcháin freagrach Bunachar Sonraí EDES a fhíorú ag gach céim de na nósanna imeachta sula sínítear conradh. Déantar seiceálacha *ex-post* a áirithiú freisin trí bhíthin rabhaidh bhlocála atá nasctha le heintitis eisiata sula ndéantar íocaíochtaí. Tabharfaidh an córas rabhadh freisin má tugadh isteach luathbhrath in EDES. Dá bhrí sin, is féidir le linn conradh a chur chun feidhme go gcuirtear oifigigh údarúcháin ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhaineann le contrapháirtithe an Aontais a bhfuil caidrimh leanúnach conarthach acu leo.

Mar sin féin, déanfaidh an Coimisiún iniúchadh ar an bhféidearthacht go mbunófaí ionad ilfhreastail a mbeadh sé de rún aige tarraingt ar na sonraí ábhartha atá ar fáil ó EDES, Arachne agus atá nasctha le Summa (an fheidhm a thiocthaidh in ionad ABAC san am atá le teacht) chun a áirithiú go ndéanfar buiséad an Aontais a chosaint oiread agus is féidir tríd an idirnascthacht, trasfhothú agus uirlisí agus teicnící bunaithe ar an Intleacht Shaorga. Féach freisin an freagra faoi mholadh 5.

4. Glacann an Coimisiún le moladh 2(4).

Tá Rúnaíocht an Phainéil tar éis treoirilínte éagsúla a fhorbairt chun comhar le OLAF agus seirbhísí eile a éascú ar mhaithe le éifeachtacht uasta nósanna imeachta EDES. Áirítear air sin treoraíocht maidir le tuarascálacha OLAF¹² a úsáid, treoraíocht maidir le tionchar eisiaimh ar ghealltanais leanúnacha dhlíthiúla, treoraíocht chorparáideach EDES, etc. Forbróidh an Coimisiún treoraíocht bhreise maidir le EDES a úsáid.

5. Glacann an Coimisiún le moladh 2(5).

Leanfaidh an Coimisiún air i mbun feasacht i dtaobh EDES a chur chun cinn, lena n-áirítear laistigh d'institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais, d'údaráis Ballstát agus de chomhpháirtithe cur chun feidhme.

3. Moladh 3 - Feabhas a chur ar an bhfaireachán ar luathbhrath agus eisiaimh faoi bhainistíocht indíreach

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin.

Tá an bhainistíocht indíreach bunaithe ar a bheith ag brath ar rialacha na gcomhpháirtithe agus ar shainnithint a neamhspleáchais riaracháin, a ndearbhuithe bainistíochta agus ar thuairimí gaolmhara iniúchóireachta arna soláthar ag comhpháirtithe. Déantar measúnú colúin ar rialacha agus nósanna

¹² Tá bailchríoch curtha ar na treoracha maidir le dréachtú agus na Treoirilínte maidir le faireachán a dhéanamh ar mholtaí riaracháin OLAF, agus beidh feidhm acu ó Eanáir 2022

imeachta na gcomhpháirtithe chun a áirithiú gur fheidhmigh, mar shampla, rialacha eisiaimh an chomhpháirtí go sásúil.

I bhfianaise an mhéid sin, déanfaidh an Coimisiún bearta breise chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh a chuid comhpháirtithe an oibleagáid atá orthu fógra a thabhairt don Choimisiún nuair a shainaithnítear contrapháirtithe a bheith i gcásanna eisiaimh trí na samhlacha bainistithe dearbhuithe a thabhairt cothrom le dáta trí thagairt shonrach a chur isteach don oibleagáid an Coimisiún a chur ar an eolas faoi chásanna inar braitheadh calaois agus/nó neamhrialtacht maidir le Airteagal 142(2) e) FR) a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh do chistí cur chun feidhme na gcomhpháirtithe faoi bhainistíocht indíreach chun a gcuid oibleagáidí maidir leis an gCoimisiún a chur ar an eolas a chur i gcuimhne dóibh.

4. Moladh 4 - agus eisiaimh a leathnú chuig an mbainistíocht chomhroinnte

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin.

I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Rialachán Airgeadais atá ar na bacáin, tá an Coimisiún ag moladh go gcuirfeadh leathnú spriocdhírthe agus comhréireach le EDES chuig an mbainistíocht chomhroinnte, agus leis an oibleagáid a bhíonn ar Bhallstáit bunachar sonraí EDES a sheiceáil agus na heisiaimh istigh ann a chur san áireamh le linn cistí an Aontais a bhronnadh. Tá leathnú spriocdhírthe EDES chuig an mbainistíocht indíreach ag tarlú mar gheall ar an ngá atá ann urraim a thabhairt do tharmligean na gcúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid chuig Ballstáit de bhun Airteagal 63(1) den Rialachán Airgeadais.

5. Moladh 5 - Úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí sonraí agus digiteacha atá ann cheana

Glacann an Coimisiún leis an moladh sin.

I dtaca leis na fo-mholtaí sonracha, tugann an Coimisiún an méid seo a leanas dá aire:

1. Glacann an Coimisiún le moladh 5(1).

Déanfaidh an Coimisiún cleachtadh mapála agus tá tús curtha aige le cruthúnas ar choincheap chun na sonraí atá ar fáil a shainaithint. Beidh toradh an chleachtaidh ag brath, áfach, ar shonraí náisiúnta a bheith ar fáil.

2. Glacann an Coimisiún le moladh 5(2).

Tá sé de rún ag an gCoimisiún a mholadh, san athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais, go n-úsáidfear sonraí náisiúnta atá ar fáil. Cuirfidh an Coimisiún leathnú breise leis an mbunús dlíthiúil le haghaidh úsáid a bhaint as sonraí ábhartha náisiúnta eile atá sa Chóras Bainistithe Neamhrialtachtaí arna dtuairisciú ag Ballstáit chun nósanna imeachta Phainéal EDES a thionscnamh agus chun go ndéanfaidh Ballstáit na cinntí gaolmhara eisiaimh a fhorfheidhmiú le haghaidh caiteachas bainistíochta comhroinnte. Is iad sin na foinsí náisiúnta is mó is ábhartha maidir le buiséad an Aontais a chosaint. Tá anailís á déanamh freisin ag an gCoimisiún ar an bhféidearthacht go nascfar EDES, an Córas Bainistithe Neamhrialtachtaí agus Arachne. Mar gheall ar rialacha náisiúnta, go háirithe maidir le cosaint sonraí, ní féidir leis an gCoimisiún sonraí a bhailiú agus a athúsáid gan aon phríos chuí.

3. Glacann an Coimisiún le moladh 5(3).

Leanfaidh an Coimisiún air i mbun Arachne a fhorbairt, is é sin an córas comhtháite TF le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca, ar córas é a chuir sé ar fáil d'údarás Ballstát a chuireann buiséad an Aontais chun feidhme. Ar na forbairtí áireofar gnéithe agus feidhmeanna nua amhail modúl *ex-ante*, forbairtí ó CBT agus táscairí nua riosca chun sonraí úinéireachta tairbhiúla a chur san áireamh. Cuirfidh an Coimisiún roimhe mar chuspóir feabhas a chur ar sholáimhsitheacht na huirlise, go feadh an mhéid go gcuirfidh Ballstáit sonraí náisiúnta ar fáil, ar idiroibritheacht na huirlise le foinsí eile sonraí AE agus náisiúnta is ábhartha maidir le buiséad an Aidhm a chur chun feidhme. I gcomhthéacs an athbhreithnithe spriocdhírthe ar an Rialachán Airgeadais atá ar na bacáin, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall chun a thuilleadh feabhais a chur ar chosaint bhuiséad an Aontais agus tá a mharana á dhéanamh aige maidir lena mholadh go n-úsáidfear mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca, trasna na modhanna uile lena gcuirtear chun feidhme buiséad an Aontais.

4. Glacann an Coimisiún le moladh 5(4).

Tá freagracht ar an gCoimisiún maidir le cinntí eisiaimh an Aontais a chur ar fáil i mBunachar Sonraí EDES agus déanann sé a dhícheall chun an uirlis a chur chun cinn oiread is féidir. Déanfaidh an Coimisiún bearta breise freisin chun go gcuirfear chun cinn, ar leibhéal corparáideach, úsáid na huirlise comhtháite TF mianadóireachta sonraí agus scórála riosca dá ngairtear Arachne faoi láthair.

5. Glacann an Coimisiún le moladh 5(5).

Féach an freagra ar mholadh 5(3).